



Ciorclán 0021/2011

Chuig: Údaráis Bhainistíochta Bhunscoileanna, Mheánscoileanna, Phobalscoileanna agus Scoileanna Cuimsitheacha Aitheanta agus Príomhoifigigh Feidhmiúcháin na gCoistí Gairmoideachais.

Cáilíochtaí Oideachais maidir le Ceapachán mar Chúntóir Riachtanais Speisialta i mBunscoileanna agus Iarbunscoileanna Aitheanta

Is mian leis an Aire Oideachais agus Scileanna Údaráis Bhainistíochta a chur ar an eolas go bhfuil leasú déanta ar an riachtanas íosta oideachais mar atá i gcomhfhreagras roimhe seo maidir le ceapachán mar Chúntóir Riachtanais Speisialta i mbunscoileanna agus in iarbunscoileanna.

Le héifeacht ó 1 Meán Fómhair 2011 is é an riachtanas íosta oideachais a theastaíonn maidir le ceapachán do phost Chúntóir Riachtanais Speisialta ná:-

1. Mórcháilíocht leibhéal 3 FETAC ar Creatoibre Náisiúnta na gCáilíochtaí NÓ
2. Trí ghrád D, ar a laghad, sa Teastas Sóisearach, NÓ
3. Iontamhail

Tá Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann freagrach as an gCreatoibre a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Ba chóir aon cheisteanna faoi leibhéal fhoghlama nó aitheantas cáilíochtaí a sheoladh chuig www.nfq.ie. Ba chóir fiosruithe maidir le haitheantas cáilíochtaí a fuarthas thar lear a sheoladh chuig www.qualrec.ie.

Ní mór d'Údaráis Scoileanna cloí le critéir eile fostaíochta mar a shonraítear i gCiorclán 03/03 (arna leasú).

Féadfaidh gach Cúntóir Riachtanais Speisialta a chomhlíonann na riachtanais leasaithe dul chun cinn ar an scála tuarastail incriminteach do SNAs ó 1 Meán Fómhair 2011 ar choinníoll go gcuirtear fianaise chuig an Roinn/CGO go sásaíonn siad na critéir nua cáilíochta faoin dáta sin. Sa chás go bhfaigheann an Roinn/CGO fógra ar dháta ina dhiaidh sin féadfaidh na SNAs dul chun cinn ar an scála tuarastail incriminteach ó dháta fála an fhógra sin. Ní cheadófar creidmheas incriminteach go cúlghabhálach.

Tagann an ciorclán seo in áit gach ciorclán, meabhrán, rial agus rialachán roimhe seo i leith riachtanas íosta oideachais do chúntóirí riachtanais speisialta. Cinntigh, le do thoil, go dtabharfar cóip den chiorclán seo do gach ball Bhord Bainistíochta/Coiste Gairmoideachais.

Is féidir teacht ar an gCiorclán seo ar láithreán gréasáin na Roinne faoi www.education.ie Baile – Foireann Scoile – Cúntóirí Riachtanais Speisialta.

Ba chóir gach fiosrú faoin gCiorclán seo a sheoladh ar ríomhphost chuig teachersna@education.gov.ie

D. Tattan
Príomh-Oifigeach
Múinteoirí/SNA Téarmaí & Coinníollacha
Márta 2011

P. Maloney
Príomh-Oifigeach
Rannóg Párolla
Márta 2011